An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oileán na nDraoithe

Proinsias Mac a'Bhaird

Ábhar Tacaíochta don Seomra Ranga

Eolas faoin Leabhar:

An tÚdar: Prionsias Mac a' Bhaird

Maisitheoir: Caomhán Ó Scolaí.

Is as Árainn Mhór i gContae Dhún na nGall do Phroinsias Mac a' Bhaird. Scríobhann sé leabhair do dhaoine fásta agus do dhaoine óga agus scríobhann sé gearrscéalta agus drámaí chomh maith. Tá trí chnuasach filíochta scríofa aige agus tá an-chuid duaiseanna bainte aige. Is maith leis a bheith ag scríobh faoin mbéaloideas agus faoin stair.

Clúdach an Leabhair

Sula léann tú an blurba ar an gclúdach cúil, féach ar an bpictiúr ar an gclúdach tosaigh. Cad é ábhar an scéil seo, dar leat?

Léigh an cur síos atá ar chúl an leabhair. An leor an blurba sin le tuiscint a thabhairt do léitheoirí ar ábhair an leabhair?

Cén cineál scéil a bhfuil tú ag súil leis? Scéal greannmhar? Scéal eachtrúil?

Faoin Leabhar:

Is seanscéal béaloidis é seo.

An bhfuil a fhios agat cad is béaloideas ann? An bhfuil scéalta eile den chineál seo léite agat i nGaeilge, i mBéarla nó i dteanga eile? Cad iad? Ar thaitin siad leat?

An Comórtas

Déan cur síos ar an trúr carachtar ag tús an scéil seo. (lgh.7-8)

Cé hé an naomh is fearr leat – Colm, Duach nó Beaglaoch? Cén fáth?

Cé a bhuaigh an comórtas? Conas mar a bhraith sé agus cén fáth?

Le plé sa rang:

An dóigh leat gur smaoineamh maith a bhí ann comórtas a dhéanamh idir Colm, Duach agus Beaglaoch? Cén fáth?

Dá mbeadh easaontas nó teannas idir tú féin agus do chairde, cén cineál comórtais a bheadh agaibh?

Na Draoithe

1:57 i.n. Dé Céadaoin, 24 Meitheamh: Oileán na nDraoithe

Cúpla ceist faoin téacs:

Déan cur síos ar an triúr draoithe Tadhg, Brian agus Úna.

Cé a chonaic an bád seoil ag teacht? Cé a bhí ag teacht go dtí an t-oileán, dar leo?

Cén draíocht a bhí ag na draoithe le cur isteach ar Cholm agus é ar a bhealach go dtí an t-oileán?

Le plé sa rang:

Ar chuala tú scéalta faoi dhraoithe nó fathaigh nuair a bhí tú níos óige? Cad iad na scéalta sin? Ar chuir siad eagla ort nuair a bhí tú níos óige nó conas mar a bhraith tú?

An Ceo

2:33 i.n. Dé Céadaoin, 24 Meitheamh: Amuigh ar an bhFarraige

Cúpla ceist faoin téacs:

Cad a fheiceann Colm?

Cén fáth a bhfuil eagla ar Cholm?

Conas a dhéanann Colm compás?

Le plé sa rang:

Ar tharla sé duit riamh go raibh tú caillte agus go raibh eagla ort? Cad a rinne tú?

An bhfuil a fhios agat conas compás a úsáid? Cathain a d'úsáid tú ceann? Cad a tharla?

An Madadh Nimhe

3:06 i.n. Dé Céadaoin, 24 Meitheamh: Trá Dheas ar Oileán na nDraoithe

Cúpla ceist faoin téacs:

Déan cur síos ar an madadh nimhe.

An éiríonn le Colm i gcoinne an mhadaidh?

Le plé sa rang:

An gcuireann an chuid seo den scéal aon scéal eile i gcuimhne duit? Cén scéal? Abair linn.

An Clóca Mór

3:19 i.n. Dé Céadaoin, 24 Meitheamh: Trá Dheas ar Oileán na nDraoithe

Cúpla ceist faoin téacs:

Cén plean atá ag Tadhg le cur i gcoinne Choilm? An éiríonn leis an bplean seo?

Cad a deir Colm leis na draoithe? Cad a dhéanann sé leis an gclóca?

Cad a tharlaíonn do na draoithe?

Le plé sa rang:

An gcuireann an chuid seo den scéal aon scéal eile i gcuimhne duit? Cén scéal? Abair linn.

An gcreideann tú gur bhuail splanc tintrí na draoithe agus go ndearnadh trí charraig díobh i lár na farraige agus go bhfuil siad ansin go dtí an lá inniu?

An Deireadh

9:56 i.n. Dé Luain 17 Aibreán: Údar imníoch ag amharc amach ar an fharraige

Cúpla ceist faoin téacs:

Tharla sé seo uilig na céadta bliain ó shin … An gcreideann tú an scéal seo?

Sa Seomra Ranga

1. **Léigh siar agus tarraing** pictiúr de na triúr naomh (féach an cur síos ar lgh. 8-15 agus lgh.
2. **Machnamh agus Plé** An bhfuil scéal den chineál seo a bhaineann le do cheantar féin ar eolas agat? Inis dúinn.
3. **Scríbhneoireacht Chruthaitheach:** Samhlaigh gur tusa duine de na draoithe; scríobh cur síos ar an lá a bhí agat roimh theacht Choilm. Céard a bhí agat don bhricfeasta? Don lón? Bain úsáid as do chuid céadfaí (chuala mé, chonaic mé, mhothaigh mé, bhlais mé, bholaigh mé).
4. **Scríbhneoireacht Chruthaitheach:** Samhlaigh gur tusa Colm; scríobh cur síos ar an lá a bhí agat agus tú ar an mbád go hOileán na nDraoithe. Bain úsáid as do chuid céadfaí (chuala mé, chonaic mé, mhothaigh mé, bhlais mé, bholaigh mé).
5. **Scríbhneoireacht Chruthaitheach:** Samhlaigh an comhrá idir Colm, Duach agus Beaglaoch nuair a fhilleann Colm orthu; scríobh amach cuid den chomhrá sin.